Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0155(COD)**

**9734/23**
**ADD 2**

**TRANS 203**
**SOC 343**
**CODEC 949**
**IA 123**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 138 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR Rialacha maidir le sosanna agus rialacha maidir le tréimhsí scíthe in iompar ócáideach de bhus agus de chóiste a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na riachtanais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 138 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 138 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.5.2023
SWD(2023) 138 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**Rialacha maidir le sosanna agus rialacha maidir le tréimhsí scíthe in iompar ócáideach de bhus agus de chóiste**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na riachtanais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí**

{COM(2023) 256 final} - {SEC(2023) 197 final} - {SWD(2023) 137 final}

## A. An gá atá le beart

### Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Le Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 leagtar síos uastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íosfhaid sosa, agus íostréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla le haghaidh tiománaithe. Cé is moite d'eisceachtaí áirithe, tá feidhm chomhionann ag an Rialachán maidir le hoibreoirí iompair de bhóthar agus maidir lena dtiománaithe: (i) is cuma cé acu atá baint acu le hiompar paisinéirí nó le hiompar earraí; agus (ii) is cuma cé acu ar bhonn tráthrialta nó ar bhonn ócáideach atá an t-iompar, má tá paisinéirí á n-iompar acu. Mar sin féin, i gcomparáid le hiompar lasta, nó fiú i gcomparáid le hiompar tráthrialta (sceidealta) paisinéirí, tá saintréithe sonracha ag baint le hiompar ócáideach paisinéirí (e.g. ardséasúracht) agus riachtanais a bhaineann le hobair an tiománaí (e.g. freastal ar riachtanais neamhphleanáilte agus gan choinne na bpaisinéirí agus ar a gclár turasóireachta).

Rinneadh meastóireacht *ex post*[1] ar an Rialachán in 2017 mar chuid den chlár um oiriúnacht rialála (REFIT). Ba é conclúid na meastóireachta *ex post* go bhféadfadh sé nach mbeadh cuid de na rialacha maidir le heagrú sosanna agus tréimhsí scíthe oiriúnach don earnáil iompair ócáidigh paisinéirí mar gheall ar na riachtanais seirbhíse ar leith a bhaineann leis an earnáil sin. Sainaithníodh dhá phríomhfhadhb sa mheasúnú tionchair: (i) nach féidir seirbhísí ócáideacha bus agus cóiste atá éifeachtúil agus ar ardchaighdeán a eagrú; agus (ii) dálaí oibre agus tiomána míshásúla le haghaidh tiománaithe in iompar ócáideach de bhus agus de chóiste. Is ann do na fadhbanna a sainaithníodh ar fud an Aontais Eorpaigh.

### Cad é ba cheart a bhaint amach?

Féachann an tionscnamh leis an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) seirbhísí ócáideacha bus agus cóiste atá éifeachtúil agus ar ardchaighdeán a áirithiú; agus (ii) dálaí oibre agus tiomána le haghaidh tiománaithe a fheabhsú, lena n-áirítear trí strus agus tuirse na dtiománaithe in iompar ócáideach de bhus agus de chóiste a laghdú. Is éard is aidhm do na cuspóirí sonracha: (i) dáileadh níos solúbtha sosanna agus tréimhsí scíthe a áirithiú; agus (ii) cóir chomhionann a chur chun cinn idir oibríochtaí ócáideacha bus agus cóiste idirnáisiúnta agus intíre.

### Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

In éagmais leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, is dócha go mairfidh na fadhbanna a sainaithníodh, rud a chuirfidh iomaíochas agus dálaí oibre na hearnála iompair ócáidigh de bhus agus de chóiste i mbaol. Is ann do na fadhbanna a sainaithníodh ar fud an Aontais ar fad agus tá na bunchúiseanna céanna leo. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun dálaí maithe oibre le haghaidh tiománaithe a áirithiú, chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, agus chun saobhadh iomaíochta ar an margadh Eorpach a chosc.

Aithníodh i meastóireacht *ex post* 2017 breisluach AE agus na torthaí dearfacha ar fud an Aontais a tháinig as comhchuibhiú na ndálaí oibre íosta le haghaidh tiománaithe agus oibreoirí a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí iompair intíre agus trasteorann san Aontas Eorpach. Rannchuideodh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais le rialacha iomchuí a bhaint amach don earnáil iompair ócáidigh paisinéirí de bhóthar agus chuideodh sé freisin leis an nganntanas tiománaithe a laghdú. Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ar oibreoirí taistil agus turasóireachta. Cuirfidh sé ar a gcumas d'oibreoirí agus do thiománaithe oibríochtaí iompair a eagrú ar bhealach níos éifeachtúla agus na nithe seo a leanas a dhéanamh san am céanna: (i) ardchaighdeáin a áirithiú maidir le dálaí oibre na dtiománaithe; agus (ii) na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú go héifeachtach comhsheasmhach thar theorainneacha.

## B. Réitigh

### Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Ceapadh trí rogha beartais (rogha beartais A, rogha beartais B agus rogha beartais C) chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bhfadhbanna. Tugtar aghaidh leis na roghanna beartais uile ar na fadhbanna a sainaithníodh, ach tá siad éagsúil lena chéile i dtéarmaí na nithe seo a leanas: (i) an tsolúbthacht i leith rialacha maidir le sosanna; (ii) na critéir incháilitheachta chun tréimhsí scíthe laethúla a chur siar; agus (iii) an gá atá ann freastal ar thréimhsí scíthe seachtainiúla inoiriúnaithe. Le gach rogha beartais déantar an gaol idir sosanna/tréimhsí scíthe agus éifeachtúlacht oibríochtúil, dálaí oibre agus sábháilteacht ar bhóithre a mheas.

Le rogha beartais A, déantar foráil maidir le solúbthacht theoranta sosanna, rud a ligeann do thiománaithe a

[1] SWD(2017)184 final, le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52017SC0184.

sosanna a roinnt ina dtréimhsí 30 agus 15 nóiméad nó ina dtréimhsí 15 nóiméad. Leis an rogha sin, ceadaítear do thiománaithe freisin tús a dtréimhse scíthe laethúla a chur siar 1 uair an chloig nuair nach faide ná 7 n-uaire an chloig an tréimhse tiomána laethúil iomlán don lá sin, nó tús a dtréimhse scíthe laethúla a chur siar 2 uair an chloig nuair nach faide ná 5 huaire an chloig an tréimhse tiomána laethúil iomlán. Níl na maoluithe sin indéanta ach uair amháin le linn turais a mhaireann 8 lá nó níos mó. Le rogha beartais A, déantar na rialacha maidir le seirbhísí ócáideacha iompair de bhus agus de chóiste a sholáthraítear in aon Bhallstát amháin a ailíniú freisin le seirbhísí idirnáisiúnta a thrasnaíonn dhá Bhallstát nó níos mó, trí chead a thabhairt freisin an tréimhse scíthe sheachtainiúil a chur siar ar feadh suas le 12 thréimhse 24 uair an chloig as a chéile le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear laistigh d'aon Bhallstát amháin (an riail 12 lá mar a thugtar uirthi). Níl feidhm ag an riail 12 lá faoi láthair ach amháin maidir le seirbhísí den sórt sin a sholáthraítear go hidirnáisiúnta – i.e. nuair a chumhdaítear dhá Bhallstát nó níos mó leis an tseirbhís.

Ceadaíonn rogha beartais B do thiománaithe a sosanna a roinnt ar bhealach atá go hiomlán solúbtha. Leis an rogha sin, ceadaítear do thiománaithe freisin tús na tréimhse scíthe laethúla a chur siar 1 uair an chloig nuair nach faide ná 7 n-uaire an chloig an tréimhse tiomána laethúil iomlán don lá sin, nó tús na tréimhse scíthe laethúla a chur siar 2 uair an chloig nuair nach faide ná 5 huaire an chloig an tréimhse tiomána laethúil iomlán. Níl na maoluithe sin indéanta ach faoi dhó le linn turais a mhaireann 8 lá nó níos mó. Le rogha beartais B, ceadaítear freisin do thiománaithe atá ag gabháil do sheirbhísí a mhaireann 8 lá ar a laghad a dtréimhsí scíthe seachtainiúla a dháileadh thar 10 seachtaine i ndiaidh a chéile.

Le rogha beartais C, ceadaítear do thiománaithe a sosanna a roinnt ar bhealach atá go hiomlán solúbtha. Leis an rogha sin, ceadaítear do thiománaithe freisin tús a dtréimhsí scíthe laethúla a chur siar 1 uair an chloig nuair nach faide ná 7 n-uaire an chloig an tréimhse tiomána laethúil iomlán don lá sin, nó tús na tréimhse scíthe laethúla a chur siar 2 uair an chloig nuair nach faide ná 5 huaire an chloig an tréimhse tiomána laethúil iomlán. Is féidir go bhfuil na maoluithe sin neamhtheoranta maidir leis an líon uaireanta is féidir iad a chur i bhfeidhm le linn turais 8 lá nó níos mó. Le rogha C, ceadaítear do sheirbhísí paisinéirí ócáideacha intíre an maolú 12 lá a úsáid freisin, agus baintear an coinníoll seirbhíse aonair, dá dtagraítear in Airteagal 8(6a) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, agus an oibleagáid dhá thréimhse scíthe sheachtainiúla thráthrialta a ghlacadh tar éis an maolú 12 lá a úsáid.

Roghnaíodh rogha beartais A mar an rogha beartais ab fhearr toisc go bhfuil sé níos éifeachtaí ó thaobh na cuspóirí beartais a bhaint amach ná mar atá rogha beartais B agus rogha beartais C. I dtéarmaí éifeachtúlachta, léiríonn rogha beartais C agus rogha beartais B cóimheasa níos airde tairbhe agus costais. Mar sin féin, ní léirítear leis sin tionchair dhearfacha rogha beartais A ar dhálaí oibre, ar tionchair iad nach bhféadfaí a chainníochtú.

Le rogha A thabharfaí aghaidh ar na fadhbanna a chruthaítear leis na rialacha atá ann faoi láthair do dhálaí oibre agus, san am céanna, d'úsáidfí gníomhaíocht chúiteach chun na rioscaí a mhaolú. Dá bhrí sin, meastar go mbeidh tionchar dearfach ag rogha beartais A ar dhálaí oibre. Le rogha beartais B agus rogha beartais C thabharfaí aghaidh freisin ar na fadhbanna sin, ach chruthófaí saincheisteanna nua a meastar go mbeidh tionchair dhiúltacha acu ar dhálaí oibre. Go sonrach, d'fhéadfaí síntí an timthrialla dualgais a úsáid go minic i rogha beartais B agus rogha beartais C, rud a d'fhágfadh go mbeadh tionchar diúltach ann ar dhálaí oibre. Bheadh athruithe móra ar na rialacha maidir le tréimhsí scíthe seachtainiúla i gceist le rogha beartais B agus rogha beartais C freisin, rud a d'fhágfadh go mbeadh tionchair dhiúltacha ann ar dhálaí oibre, rud a chealódh aon tairbhe - agus a rachadh thairis sin - de bharr neamhspleáchas méadaithe tiománaithe agus saoirse méadaithe maidir lena n-ualach oibre.

Ina theannta sin, is í rogha beartais A an rogha is mó atá comhsheasmhach le cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir le comhchuibhiú na gcoinníollacha iomaíochta idir modhanna iompair intíre, go háirithe cóir chomhionann idir seirbhísí ócáideacha idirnáisiúnta agus intíre agus feabhas a chur ar dhálaí oibre. Is í rogha beartais A an rogha beartais is mó atá comhsheasmhach le cuspóir (bíodh sin go pointe beag) an chomhionannais inscne freisin. Comhlíontar ceanglas na coimhdeachta le gach rogha. Meastar go bhfuil na roghanna go léir comhréireach freisin.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Tacaíonn oibreoirí iompair de bhóthar, comhlachais ghnó agus tiománaithe féinfhostaithe leis an rogha beartais ab fhearr (rogha beartais A) mar go ndéanfaidh sí an méid seo a leanas: (i) rialacha níos solúbtha a cheadú chun seirbhísí níos éifeachtúla agus ar ardchaighdeán a eagrú; agus (ii) cóir chomhionann a áirithiú idir oibreoirí iompair ócáidigh paisinéirí ar fud an Aontais. Mar sin féin, bheadh na páirtithe leasmhara sin níos mó i bhfabhar rogha beartais C, an rogha beartais a chruthódh na tairbhí eacnamaíocha is mó. Ní raibh ceardchumainn, tiománaithe fostaithe agus údaráis chomh dearfach céanna in aon chor faoi rogha beartais C agus rogha

beartais B, agus ní raibh siad chomh mór sin i gcoinne na mbeart a áirítear i rogha beartais A.

## C. Tionchair na rogha tosaíochta

### Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?

Tá coinne leis go mbeidh tairbhí eacnamaíocha (i dtéarmaí costais a laghdú de bharr solúbthacht níos mó sna rialacha) agus cosaint shóisialta (i dtéarmaí dálaí oibre feabhsaithe le haghaidh tiománaithe) ann mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr. Go háirithe, meastar go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar cháilíocht na seirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí agus ar chóir chomhionann idir na hoibreoirí uile iompair ócáidigh paisinéirí (i.e. na hoibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí idirnáisiúnta agus seirbhísí intíre). Measadh go raibh na tionchair ar an gcomhshaol beagán dearfach ach ní fhéadfaí iad a chainníochtú.

I gcás **oibreoirí** iompair ócáidigh de bhus agus de chóiste, meastar go sábhálfar costais choigeartaithe idir EUR 106.4 milliún agus EUR 141.9 milliún mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr, arna sloinneadh mar luach reatha i gcaitheamh na tréimhse 2025-2050 i gcoibhneas leis an mbunlíne (i bpraghsanna 2021), a bhuí leis an méid seo a leanas: (i) rialacha níos solúbtha maidir le sosanna agus tréimhsí scíthe; agus (ii) an riail 12 lá a leathnú chun oibreoirí a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí ócáideacha intíre do phaisinéirí a chumhdach.

Maidir le **tiománaithe**, táthar ag súil go mbeidh dálaí oibre feabhsaithe ann mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr agus go n-éascófar comhlíonadh na rialacha, rud a fhágfaidh go mbeidh laghdú ar strus agus ar thuirse tiománaithe, agus go hindíreach go méadófar an tsábháilteacht ar bhóithre.

### Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Leis an rogha beartais ab fhearr, ní athraítear na socruithe maidir le forfheidhmiú agus tuairisciú ar chomhlíonadh na rialacha.

Tá mionchoigeartuithe i gceist leis an rogha beartais ab fhearr lena gceanglaítear ar údaráis na mBallstát iad féin a chur ar an eolas faoi na hathruithe. Meastar gur thart ar EUR 5.4 milliún i gcoibhneas leis an mbunlíne in 2025 (i bpraghsanna 2021) a bheidh i gceist leis na costais choigeartaithe aon uaire sin d'údaráis na mBallstát.

Ina theannta sin, i gcás oibreoirí ócáideacha iompair de bhus agus de chóiste, meastar gur EUR 0.6 milliún i gcoibhneas leis an mbunlíne in 2025 (i bpraghsanna 2021) a bheidh i gceist leis na costais choigeartaithe aon uaire chun dul i dtaithí ar na rialacha nua. Mar sin féin, i bhfianaise an choigiltis ar chostais choigeartaithe, meastar go mbeidh glanchoigilteas costais idir EUR 105.8 milliún agus EUR 141.3 milliún ann d'oibreoirí seirbhísí bus agus cóiste i gcoibhneas leis an mbunlíne, arna shloinneadh mar luach reatha i gcaitheamh na tréimhse 2025-2050.

### Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?

Meastar go mbeidh na tionchair ar FBManna dearfach. Mar gheall ar an rogha beartais ab fhearr, meastar go mbeidh glanchoigilteas costais idir EUR 105.8 milliún agus EUR 141.3 milliún ann d'oibreoirí seirbhísí ócáideacha bus agus cóiste, coigilteas arna shloinneadh mar luach reatha i gcaitheamh na tréimhse 2025-2050 i gcoibhneas leis an mbunlíne. I bhfianaise sciar mór na FBManna sa mhargadh iompair ócáidigh de bhus agus de chóiste, tá coinne leis go mbainfidh sciar suntasach den ghlanchoigilteas costais sin le FBManna, cé nach raibh aon sonraí ar fáil chun go bhféadfaí na FBManna a shainaithint.

An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Tá mionchoigeartuithe i gceist leis an rogha beartais ab fhearr chun go gcuirfidh údaráis na mBallstát iad féin ar an eolas faoi na hathruithe. Meastar gur EUR 5.4 milliún i gcoibhneas leis an mbunlíne in 2025 (i bpraghsanna 2021) a bheidh i gceist leis na costais choigeartaithe aon uaire d'údaráis na mBallstát.

### An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?

Tá coinne le tionchair dhearfacha ar an margadh aonair agus ar an iomaíocht. Ina theannta sin, caomhnófar ardchaighdeáin oibre agus ardleibhéil sábháilteachta ar fud an Aontais.

### Comhréireacht

Ní théann an rogha beartais ab fhearr thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais foriomlána a bhaint amach. Mar thoradh ar an tsolúbthacht atá beartaithe le haghaidh sosanna agus tréimhsí scíthe chomh maith le hailíniú na rialach 12 lá le seirbhísí intíre, beidh feidhmíocht ghnó agus éifeachtúlacht seirbhíse níos fearr ann mar aon le dálaí oibre níos fearr le haghaidh tiománaithe. Tá na costais a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart sa rogha ab fhearr an-teoranta, go háirithe i gcomparáid leis an nglanchoigilteas costais a d'fhéadfadh

teacht astu.

## D. Obair leantach

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin faireachán ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht Rialachán (CE) Uimh 561/2006 bunaithe ar na tuarascálacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit mar a leagtar amach in Airteagal 17 den Rialachán. Ina theannta sin, déanfar faireachán ar thionchair an tionscnaimh agus leas á bhaint as Eurostat agus/nó as suirbhéanna tiomnaithe.